# AR CHUALA TÚ?


Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Nollaig Shona ó Foireann Chonamara Láir

Tá sé deacair creidiúint gurbh é seo eagrán a dó dhéag dár nuachtlitir 'Ar Chuala Tú?'! Cuireadh tús leis i mí Eanáir seo caite agus ó shin tá sé ag forbairt de réir a chéile. Ach mar a deir an seanfhocal, 'ní neart go cur le chéile' agus mar sin ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine, coistí, eagraíochtaí, clubanna agus daltaí scoile san áireamh, a sheol ailt, scéalta, dánta agus fógraí chugainn le cuir sa nuachtlitir.




Tá dea-scéala againn le roinnt libh! De bharr an t-aiseolas iontach a fuair muid maidir le Féilire Chonamara Láir 2021, beidh muid ag dáileadh Féilire 2022 ar an bpobal go luath. Coinnigí súil amach sna siopaí áitiúla! Míle buíochas lena grianghrafadóirí a sheol pictiúir álainn den cheantar chugainn ar feadh na bliana agus le Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, a rinne moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta.




Ina theannta sin, tá ríméad orainn bronntanas eile a thabhairt amach don phobal. Beidh muid ag scaipeadh 'Cnuasach Paidreacha Chonamara Láir' go luath. Ar nós Leabhrán na Cásca, is bailiúchán paidreacha iad seo, paidreacha laethúla, paidreacha an Aifrinn, na Nollag, agus paidreacha a bhí agus atá le cloisteáil. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas a thug cúnamh dúinn an cnuasach a chur le chéile- An tAthair Padraig Standún An tAthair Padraig Audley, Julie Uí Chualáin, Mairead Uí Dhomhnaill, Jackie MacDonnacha agus Bríd Uí Choisdealbha.

Ar ndóigh, caithfidh muid buíochas speisialta a ghlacadh le G Chló a thug tacaíocht dúinn na nuachtlitireacha, féilirí agus na leabhráin paidreacha a chur i gcló.

Arís, ba mhaith linn meabhrú daoibh go bhfuil muid anseo i gcónaí chun tacaíocht a thabhairt. Guímid Nollaig Shona agus athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad.

## Nóta Chomhghairdis

**Comhghairdeas mór ó chroí le Colm Ó Neasa agus Seán Ó Cuirrín, eagarthóirí an leabhair "Ón Dumhach go dtí an Plantation: Stair Peile Iorras Aithneach agus an Chaisil, 1928-2021', a seoladh Dé Sathairn an 27ú Samhain i dTeach Ghlinnsce. Ar ndóigh, bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacú leis an togra iontach seo. Is féidir cóip a phiocadh suas sna siopaí áitiúla anois .**







Tá moladh mór agus comhghairdeas tuillte freisin ag CLG Cárna Caiseal mar go bhfuil bonn óir de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha bronnta orthú i mbliana mar thoradh as a gcuid saothar ar son na Gaeilge. Is cinnte go bhfuil dea-shampla leagtha síos acu do thodhchaí an chlub agus don chéad ghlúin eile.




Tá Siúlóid/Rith an Turcaí ag tarlú ar Lá Stiofán ag an 12:00! Beifear ag teacht le chéile ag Páirc na bPiarsach. Is é an slí ná 5km timpeall Bhóthar Chloch a' Leachta. Beidh tae & sólaistí ar fáil ina dhiaidh.
Is ar mhaithe le hOspís na Gaillimhe atá an rith/siúl seo á reáchtáil agus is féidir síntiús a thabhairt ar an lá.
Beidh hamper le buachan chomh maith.
Iarrtar ort seaicéad hi-viz más féidir.
Fáilte roimh chách.




**Beidh Snámh Lá Nollag ag tarlú i mbliana ar son Cancer Care West ar an Trá Mhór i Muighinis. Tá failte roimh chách. Is féidir síntiús a thabhairt ar an lá**



# Nollaig ar Scoir

Léigh mé mo chéad Aifreann Nollag in Inis Oirr i 1971. Ní raibh mé i bhfad i mo shéiplíneach idir an oileán sin agus Inis Meáin ag an am. Tharla go raibh sagart ar saoire in Inis Meáin agus ní raibh orm dul trasna chuig an oileán sin lá árna mhárach. Bhí mé ag cuimhneamh ar an Nollaig sin le gairid tar éis do shagart pobail Chathair Liostráin, an tAth Pat O'Brien, file agus scríbhneóir, bás a fhail. Ba le muintir Phait an Monarcha Bagúin i gClár Chlainne Mhuiris fadó agus sheol siad píosa breá feóla chugam ar an Naomh Éanna le mé a thabhairt slán tríd an Nollaig. Is cuimhneach liom fós a bheith ag siúl timpeall an oileáin le píosaí feola i mo phóca ar nós slis arain nó brioscaí. Bhíodh toitín sa lamh eile agam, agus idir an dá rud is féidir a rá gur "smokey bacon" a bhí i mo bhéal agam.

Bhí Aifrinn don Nollaig agam blianta eile in Inis Meáin, i Leitir Mealláin, le linn dom a bheith i mo shéiplínach ar an gCeathrú Rua, i dTuar Mhic Éadaigh, i gCarna agus Cill Chiaráin nuair a bhí an pharóiste iomlán faoi mo chúram. Aifrinn mheáin-oíche a bhíodh ann sna céad blianta, agus bhíodh beagán torann ag cúl an tséipéil corruair de réir mar a bheadh daoine ag teacht isteach ó na tithe ósta le corrdhuine sách súgach. Chuir sagart amháin fainic ar na daoine a bhí ag casaoid uair amháin nuair a dúirt sé: "Nach raibh asal i Stábla Bhethlehem freisin?"Cén dochar? Níor fhág Mac Dé an dream a bhí i láthair ar bhainis Chána gan deoir le n-ól nuair a bhíodar ag ceiliúradh.

An rud is mó a thaitin liomsa anuas tríd na blianta faoi Oíche Nollag ná a bheith ag breathnú ar na soilse ar fud na háite nuair a bhí mé ag taisteal ó theach pobail amhain do cheann eile. Coinnle is mó a bhí sna fuinneógaí sna blianta tosacha, ach bhí contúirt ag baint leo go minic san áit a raibh cuirtíní. Bíonn na taispeántais mhóra soilse sna tithe sa lá atá inniu ann, daoine i gcomórtas lena chéile, b'fhéidir, ach cén dochair? Taobh thiar de gach rud, tá creideamh na n-aoiseanna Íosa, Muire agus Seosamh ar an turas chuig an áit inar tugadh Mac Dé ar an saol, ach ní MacDé amháin é, ach mac Mhuire, mac an duine, fíor Dhia agus fíor Dhuine ag an am céanna.agus iad ar chomhchéim mar atá ráite sa Chré. B'fhéidir nach mar sin go díreach a tharla gach rud ar an gcéad Nollaig, ach is oíche í le scaoileadh leis an samhlaíocht mar a rinne lucht na soilséil. In ainneoin trioblóidí Chobhid, tragóidí agus corraithe an tsaoil, tá Dial linn mar atá ráite sa focal Bioblach: "Emmanuel," atá lúaite go láidir leis an Nollaig. Beannachtaí chugaibh ónár gcroíthe istigh d'uachtar Neimhe.

Pádraig Standún.

# Oíche Ceiliúrtha Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir



I mí Eanáir seo caite, chuir Clann Uí Fhlatharta tús le Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir leis an t-amhrán coitianta 'Sí do Mhamó í' i dteannta le píosa breá ceoil. Táimid faoi dhraíocht anseo i gConamara Láir, maidir leis an saibhreas eisceachtúil atá sa limistéar ó thaobh na n-ealaíona dúchasacha, go háirithe mar a bhaineann leis an traidisiún amhránaíochta, ceol, damhsa, an bhéaloidis agus an oidhreacht. Ina threo sin bheartaigh muid, ardán thabhairt do ealaíontóirí an limistéar, idir ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí, a gcuid tallann a chuir os comhair an phobail go háitiúil agus ar fud an domhain. Ó shin, ghlac na daoine seo a leanas páirt sa gcliabhán:

- Damhsóirí- Rónán Ó Niadh, Colene Ní Niaidh agus Bláithín Ní Mhainín
- Ceoltóirí- Clann Uí Chuirrín agus Neansaí Ní Choisdealbha
- Amhránaithe- Clann Uí Cheannabháin (Caitríona agus Pól), Rónán agus Helen Conghaile, agus Aighne agus Mary Anne Uí Chadhain.





Bhí sé sa bplean againn, go mbeadh ceolchoirm a reachtáil mar oíche chéiliuradh in san bpobal ag glacadh buíochas leo siúd a ghlac páirt san gcliabhán tríd an bhliain agus deis don phobal a bheith inár dteannta le cuid den tallann atá i gConamara Láir a fheiceál agus a chloisteáil beo. Faraor, mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na gcásanna den Covid-19 sa tír agus go háitiúil, bheartaigh foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir an ócáid shóisialta a chur ar ceal ó thaobh sábháilteacht de. Ach, áit a bhfuil toil tá bealach! Shocraíomar an ócáid a chur ar siúl ar líne. Mar sin, ar an 9ú agus 10ú Nollag, déanadh réamhthaifead ar roinnt de na rannpháirtithe agus d'aontaigh Coiste Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh i Rosmuc an t-Ionad a thabhairt dúinn mar stiúideo. Ba í Bairbre Uí Choisdealbha, láithreoir le RTÈ Raidió na Gaeltachta, a bhí mar Bhean an Tí againn. Tá na físeáin anois le feiceáil ar leathanach Facebook 'Conamara Láir' agus ar Youtube.

Ba mhaith linn buíochas mór ó chroí a ghlacadh le rannpháirtithe an Chliabhán Cultúrtha as a gcuid ama a chuir ar fáil dúinn. Nach orainn atá an t-ádh go bhfuil an tallann iontach seo againn go flúirseach i gceantar Chonamara Láir! Beidh muid ag leanúint ar aghaidh leis an gCliabhán i 2022 agus cuirimid míle fáilte roimh gach duine/grúpa a bheadh suim acu páirt a ghlacadh agus físeán a sheoladh chugainn. Caithfidh muid buíochas mór a ghlacadh freisin le Bairbre a bhí mar bhean an tí den scoth dúinn, le coiste Ionad Cuimhneachain an Phiarsaigh agus na scéimeanna aitiúla a chuir cúnamh ar fáil. Go raibh maith agaibh!

## Nuacht Beag ó Scoil Náisiúnta Naomh Treasa

Bhí daltaí Scoil Náisiúnta Naomh treasa ar an gcaiseal an-ghnóthach ag bailiú boscaí bróg do team Hope Shoebox Appeal. Bhailigh siad 43 bosca san iomlán don chatharnacht. Maith sibh a pháistí! tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do dhaoine sa tír atá ar an ghannchuid.





## Eilfeanna Chonamara Láir ag pacáil málaí na Nollag

Le tacaíocht ó Bhord Oideachais & Oiliúna Gaillimh & Ros Comáin faoin gCiste um Míbhuntáiste Oideachais 2021, cuireadh málaí cúraim amach chuig úsáideoirí na seirbhíse CAIRDEAS agus rannpháirtithe na ranganna agus clubanna ionchuimsiú sóisialta. Istigh sna málaí bhí bunearraí baile ar nós málaí tae, leite, subh, cácaí, brioscaí, siúcra, agus an leabhrán nua 'Cnuasach Paidreacha Chonamara Láir'.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na seachdóirí ar fad a thug cúnamh ar an lá, le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus na siopaí áitiúla a d'ordaigh isteach na hearraí dúinn. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do gnóanna agus seirbhísí an cheantair agus siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil. Ar scáth a chéile a mhaireann an pobal agus go mbeirimid slán an Nollaig seo.





# Cóisir na Seanóirí- Béile ar Rothaí 2021




Ar an 5ú Nollag 2021, bhí scoláirí ón Idirbhliain ag dul thart ag tithe seanóirí an cheantair, ag tabhairt dinnéar chucu as Tigh Mheaic. Bhí muid ag pleanáil an ócáid le cúpla seachtain leis an múinteoir mata Máire Ní Dhomhnaill agus an múinteoir Corpoideachas Pauline Uí Mhurchú.

Bhí sé ar intinn againn rogha a thabhairt do na daoine i mbliana idir dinnéar ar rothaí sa mbaile nó dhul go Teach Glinnsce agus dinnéar a bheith acu ansin. Ach de bharr go raibh scaipeadh Covid chomh láidir sa gceantar ag an am, bhí orainn béile ar rothaí a thabhairt do gach duine.




Sa deireadh, thug muid thart 197 dinnéar, le cabhair ón mbialann Tigh Mheaic, bhí deis againn an cistin profisiúnta a úsáid. Míle buíochas le Clíona Ní Chualáin agus a foireann.

Ar an lá, bhí grúpa ag taisteal chuig na títhe.
Bhí brú orainn chun na béilí a thabhairt thart agus iad fós te.

Thaitin sé go mór linn an taithí a fháil a bheith ag eagrú ócáid mar seo, agus is cinnte gur fhoghlaim muid uilig scileanna nua uaidh.

Buíochas mór do Mháire Ní Dhomhnaill, Pauline Uí Mhurchú, Róisín Ní Chonfhaola agus Tigh Mheaic.

-Dara Ó Cualáin, dalta idirbhliana

# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Bríd Ní Thaibhís
Comhordaitheoir/ teagascóir Ionad Oideachais Pobail Caiseal agus Glinnsce. Cathaoirleach do Choiste Comhairleach Forbairt Chonamara Láir agus ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir

**1.Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Bridgie
**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Carna
**3. An bhfuil tú sásta gur shocraigh tú fanacht sa mbaile agus cén fáth?**
Cinnte, táim thar a bheith sásta gur shocraigh mé fanacht anseo in aice le mo chlann agus mo chairde. Ní féidir liom smaoineamh ar áit níos fearr a d'fhéadfainn mo chlann a thógáil mar thug sé grá agus meas dóibh don chultúr áitiúil- na hamhráin, an damhsa, seoltóireacht agus an Ghaeilge. Is mar gheall ar an gcultúir uathúil seo atá againn go bhfuil an cháil ar na hÉireannaigh mar dhaoine fáiltiúil agus cairdiúil. Deirim é seo mar gurb é nádúr an duine é tarraingt i dtreo daoine deasa agus tar éis an chuid is mó de mo shaol a chaitheamh ag plé le daoine sa phobal ar bhonn deonach agus mar chuid de mo phost mar chomhordaitheoir / teagascóir le GRETB, bhuail mé le daoine iontachacha agus rinne mé cairde leo. Tá mhuintir Chonamara ar nós capaillíní Chonamara- stáidiúil, crua, glic agus álainn.
**4. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?**
Déanaim go leor de mo chuid oibre trí Ghaeilge go háirithe leis an GRETB
**5. Céard é an béilí agus an deoch is fearr leat?** Crúbóga portán gairleoge le pionta Guinness
**6.Céard é an boladh is fearr leat?** Cumhrán Poeme le Lancôme agus boladh scailtín fíona (mulled wine) ag am Nollag
**7. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Ióga crochta, siúlóidí agus rothaíocht
**8. An t-am den bliain is fearr leat?** An Nollag! Is breá liom sneachta- is dócha mar gur rugadh mé an t-am seo den bhlian
**9. An tsaoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** 2018 i Nua Eabhrach- Bhí Oileán Ellis go hálainn. D'fhéadfainn seachtain a chaitheamh ann ag foglaim faoin stair ar fad agus an t-uaigneas a bhaineann leis.
**10.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Agatha Christie "Poirot"
**11. Cén seánra ceoil ina bhfuil suim agat ann?** Is maith liom gach cineál ceoil ach go háirithe Adele
**12. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéime sláinte ort?**
Cinnte. Bhí orm mo chúrsaí a chur ar siúl ar líne agus bhraith mé beagán scoite amach go leor uaireanta. Theastaigh scileanna láidre féin-spreagtha agus bainistíochta ama freisin, a bhí deacair ní amháin orm féin ach ar mo scoláirí freisin.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comghairdeas mór le buaiteoir na míosa seo- Mary Ann Neachtain. Ba é an téama ná 'An Nollaig i gConamara Láir'.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn i rith na bliana.
Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, a rinne moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta le linn 2021.
Beidh na pictiúir ar fad a bhuach le feiceáil i bhFéilire Chonamara Láir 2022!

## Logainm na Míosa

Gort Mór:
Is focal eile é 'gort' do gharraí/páirc. Mar sin ciallaíonn sé an garraí mór

## Seanfhocal na Míosa:

Is leor don dreoilín a nead

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.